# POBAL CHRÍOST RÍ
# GORT A' CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(086) 603 1749 / (074) 91 35214
tpcr1906@gmail.com

**5ú Iúil 2026**

**www.pobalchriostri.ie / www.mcn.live**

**AIFRINN NA SEACHTAINE**

**04.07** Satharn 11 r.n.
Mary O'Leary, Gort a' Choirce
An Chéad Satharn - Faoistin 10.15-11.00.
Comaoineach. Paidrín. 15 bomaite ag machnamh ar Rún Diamhair an Chreidimh
**04.07** Satharn 12.30 Pósadh
**04.07** Satharn 7 i.n.
Rosie, Eddie & James Mac Pháidín,An Ardaí Bheag
**05.07** Domhnach 9 r.n.
Séamus Mac Géidigh, An Ailt
**05.07** Domhnach 11 r.n.
Betty agus Michael Woods, Fána Bhuí Uacht
**06.07** Luain 7 i.n.
**07.07** Máirt 10 r.n.
**08.07** Céadaoin 7 i.n.
**09.07** Déardaoin 7 i.n.
Padaí (Dálaigh) Ó Domhnaill, An Bhealtaine
**10.07** Aoine 7 i.n.
Mary, Jim,Denis & Mary Gallagher, Mín Lárach
**11.07** Satharn 7 i.n.
Anne Mangan, Caoldroim Íochtarach (40)
**11.07** Satharn 8 i.n.
Aifreann in Ionad Mhachaire Rabhartaigh
**12.07** Domhnach 9 r.n.
Méabha Doohan, Machaire Rabhartaigh
**12.07** Domhnach 11 r.n.
Sally Phat Uí Ghallchóir, Mín Larach
**12.07** Domhnach 1 i.n. Aifreann in Inis Bó Finne
Michael Mc fadden, Inis Bó Finne

**BÁS LE GAIRID**

Joe Duggan, Doire Chonaire
Frances Gallagher, Mín a' Chladaigh
Neil McMullan, Cushendall, Co. Aontroma/Mín Doire
Denis Greene - Glaschú.

**CUIMHNEACHÁN BAIS**

Padaí Mór Mulhern, Gort a'Choirce
Miley Ó Gallchchóir, Mín na Craoibhe

**CRUINNIÚ AIRGID**

Tógadh €1,470 an tseachtain s'chuaigh thart. Buíochas don phobal.

**ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE -**
Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.
**PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ -** Dé Máirt 7.00 i.n.
**PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE** Dé Domhnaigh .

**AN CEATHRÚ DOMHNACH DÉAG A**

**AN CHÉAD LÉACHT**

**Sliocht as leabhar Zachária fáidh. 9:9-10.**

Seo mar a deir an Tiarna:
"A iníon Sión, déan lúcháir agus gáire i do chroí; tóg gártha, a iníon Iarúsailéim. Féach, tá do rí ag teacht chugat go mórtasach slán, agus é go ceansa, ag marcaíocht ar asal, agus ar shearrach asail. Scuabfaidh sé an carbad chun siúil as Efraim agus an capall as Iarúsailéim; brisfear an bogha cogaidh. Labhróidh sé leis na náisiúin faoin tsíocháin agus beidh sé i réim ó mhuir go muir agus ón abhainn go críocha na cruinne"

**Briathar an Tiarna.**
**FR. Buíochas do Dhia.**

**FREAGRA AN tSAILM**

Beannóidh mé d'ainm de shíor,
mo Dhia agus mo Rí.

**AN DARA LÉACHT**

**Sliocht as litir Naomh Pól chuig na Rómhánaigh. 8:9, 11-13.**

A bhráithre, ní faoi réir na colainne atá sibhse ach faoi réir an Spioraid, más fíor go gcónaíonn Spiorad Dé ionaibh. Go deimhin, má bhíonn Spiorad an té a thóg Íosa ó mhairbh ina chónaí ionaibh, deanfaidh an té sin a thóg Críost ó mhairbh bhur gcorp básmhar a bheochan trína Spiorad atá ina chónaí ionaibh. Ar an ábhar sin, a bhráithre, níl aon cheangal ag an gcolainn orainn. Más de réir na colainne a mhaireann sibh, tá an bás in ndán daoibh; ach má chuireann sibh gníomhartha na colainne faoi smacht le cúnamh an Spioraid, mairfidh sibh beo.

**Briathar an Tiarna.**
**FR. Buíochas do Dhia.**

**ALLELUIA**

**Alleluia, alleluia!**
Bíodh teachtaireacht Chríost ina cónaí faoi rath ionaibh. Gabhaigí buíochas trí Chríost le Dia ár nAthair.
**Alleluia!**

**SOISCÉAL**

**Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Maitiú. 11:25-30.**

San am sin labhair Íosa agus dúirt: "Bheirim buíochas duit, a Athair, a Thiarna neimhe agus talún, de bhrí gur cheil tú na nithe seo ar lucht eagna agus éirime agus mar a d'fhoilsigh tú do naíonáin iad. Is ea, a Athair, óir is amhlaidh sin ba mhaith leat é. Tá gach aon ní tugtha domsa ag m'Athair; agus níl aithne ag aoinneach ar an Mac ach amháin ag an Athair, ná níl

aithne ag aoinneach ar an Athair ach amháin ag an Mac agus an té ar toil leis an Mac a fhoilsiú dó.
“Tagaigí chugam, sibhse uilig a bhfuil saothar agus tromualach oraibh agus bhéarfaidh mé faoiseamh daoibh. Tógaigí oraibh mo chuing agus tagaigí ar scoil chugamsa, mar táim ceansa uiríseal ó chroí agus gheobhaidh sibh faoiseamh do bhur n-anamacha; óir tá mo chuing so-iompair agus m’ualach éadrom.”

**Soiscéal an Tiarna.**

**FR. Moladh duit, a Chríost.**

**FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR** Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an cúig a chlog Dé Céadaoine.

**CUMANN N. UINSIONN DE PÓL** – Iarrataisí ar chuidiú chuig: 087 19659

**HALLA NA PARÓISTE**
Jeighbheáil le James Luan 8.00-9.30i.n. *Tosaitheoirí 8.00-8.30i.n.*
Ranganna Comhaltas (Ceol uirlise traidisiúnta) Luan 5.00-8.00i.n.
Bollaí(bowls)Dé Domhnaigh & Dé Máirt 7.00 - 12.00 i.n.
Traenáil Circuits Luan agus Céadaoin 6.30 - 7.30 i.n.
Slimming World Déardaoin 7.30 - 9.00 r.n.
Banna Ceoil Déardaoin 6.30 - 8.30 i.n.

**TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT** Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d’eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011
**MÁITHREACHA BREITHE** Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar www.birthinfo.ie ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.
**TACAÍOCHT AR FÁIL** An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599
**Narcotics Anonymous** 087 4045030 / 00447810172991
**AA (Alcoholics Anonymous)** 087 6273596
**AL ANON** 018732699. info@al-anon-ireland.org

**CLÉIRIGH**
**Dé Sathairn** 04/07 @ 7.00 Brídann Ní Ghallachóir
**Dé Domhnaigh** 05/07 @ 9.00: Iarla, Naoise & Paddy Ó Ceallaigh
**Dé Domhnaigh** 05/07 @ 11.00: Jenna Nic Fhionnlaoich

**Dé Sathairn** 11/07 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir
**Dé Domhnaigh** 12/07 @ 9.00:
**Dé Domhnaigh** 12/07 @ 11.00: Lucia, Marianna, Patrick Ryder & Elena Nic Aoidh

**LÉITHEOIRÍ - Iúil**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Brídín Ní Ghallchóir
Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Máire Ní Bhroin
Dé Domhnaigh @ 11 r.n.Marie Nic Maonghail
**MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA - Iúil**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Anne Nic Suibhne & Mairead Ní Cholla
Dé Domhnaigh @ 9 r.n.Nóirín Nic Gearailt & Mícheál Mac Géidigh
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Annette Nic Póil & Sineád Nic Fhionnlaoich

**BANC BIA CHLOICH CHEANN FHAOLA**
Tá am deacair ann do go leor daoine faoi láthair. Má tá tú ag streachailt le bia a chur ar an tábla, tá Banc Bia Chloich Cheann Fhaola CLG anseo le cuidiú leat. Téigh i dteagmháil linn le do thoil:
Déan teagmháil le hEilish: Glaoigh nó téacsáil 085 756 0177
Ríomhphost: ccffoodbank2@gmail.com
Tar isteach: Achan Déardaoin, 10rn – 12in, ag Halla Áras Beaglaoich, An Fál Carrach.

**IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH**
**Dé Luain**: Glígíní (Grúpa Tuismitheoirí & Tachráin) 10.00-11.30 r.n.
*Tarraingt achan Déardaoin @7.00 i.n. Tuilleadh eolais ar Facebook ná ar 074 9135556/083 07692*

**CUARTAÍOCHT BHAILE**
Dhéanfaidh an tAth. Donnchadh cuairt a thabhairt ar na seandaoine agus na daoine tinne, trathnóna Dé Luain, Dé Céadaoine agus Déardaoin seo chugainn:

Dé Luain: Cill Ulta, Doire Chonaire
Dé Céadaoine: Machaire Rabhartaigh, Mín Lárach
Déardaoin: Sruthán, Gort a' Choirce, Fána Bhuí, An Bhealtaine, An Cheathrúin, An Ardaidh Mhór, An Ardaidh Bheag

**Rúndiamhair an Chreidimh**
Gach uair a ithimid an t-arán seo
agus a ólaimid an chailís seo,
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

**THE IRISH CATHOLIC**
Ar fáil ag cúl Theach a’ Phobail achan tseachtain.
Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghas.

**FÓGRA**
Athainmníodh SN Ghort a' Choirce go hoifigiúil mar Scoil Naomh Carlo Acutis ar na mallaibh. Beidh aifreann le seo a cheiliúradh ar an Domhnach 06.09.2026 @11.00r.n. le teacht le chéile ina dhiaidh in Óstán Loch Altan. Beidh fáilte roimh an phobal uilig.

Beidh cruinniú i Scoil Naomh Carlo Acutis Dé Céadaoine seo chugainn 08.07.26 @1.00i.n. do dhuine ar bith atá ag iarraidh a bheith páirteach sa phleanáil.

**DÁTA DON DIALANN**
**26.07.2026 – Seirbhís na Reiligí @2.00 i.n.**

**BUÍON CHEOIL (SÓISEAR)**
Lotto: Comhghairdeachas le Christina Brady a bhain €100 B’iad 8-11-13-15-18-20 na huimhreacha. Póta óir anois €3,200